AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.1.2014
COM(2014) 40 final

ANNEX 1

IARSCRÍBHINNÍ

Faisnéis don infheisteoir maidir le hidirbhearta maoinithe urrús agus maidir le struchtúir maoiniúcháin eile a nglacann gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (GCUInna) agus cistí infheistíochta malartacha (CIManna) páirt iontu

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le tuairisciú agus trédhearcacht idirbheart maoinithe urrús

IARSCRÍBHINNÍ

Cuid A – An fhaisnéis atá le soláthar i dtuarascálacha leathbhliantúla agus bliantúla an GCUI agus i dtuarascáil bhliantúil an CIM

Sonraí foriomlána:

– An méid urrús agus tráchtearraí ar iasacht mar chuid d'iomlán na sócmhainní intugtha ar iasacht;

– An méid sócmhainní i ngach cineál idirbhirt maoinithe urrús agus i ngach struchtúr maoiniúcháin eile arna shloinneadh mar dhearbhmhéid agus mar chion de na sócmhainní de chuid an chiste atá faoi bhainistíocht

Sonraí maidir le comhchruinniú:

– Na 10 urrúis chomhthaobhacha agus tráchtearraí is mó a fuarthas in aghaidh an eisitheora maidir le gach cineál idirbhirt maoinithe urrús agus maidir le gach struchtúr maoiniúcháin eile.

– Na 10 bpríomh-chontrapháirtí de gach cineál idirbhirt maoinithe urrús ar leithligh agus gach struchtúr maoiniúcháin eile

Sonraí idirbhirt comhiomlána maidir le gach cineál idirbhirt maoinithe urrús ar leithligh agus gach struchtúr maoiniúcháin eile– le briseadh síos de réir na gcatagóirí thíos:

– Cineál agus cáilíocht na comhthaobhachta;

– Grád aibíochta na comhthaobhachta briste síos sna tráinsí aibíochta seo a leanas: níos lú ná lá amháin, lá amháin go seachtain amháin, seachtain amháin go mí amháin, mí amháin go trí mhí, trí mhí go bliain amháin, níos mó ná bliain amháin, aibíocht oscailte;

– Airgeadra na comhthaobhachta;

– Grád aibíochta briste síos sna tráinsí aibíochta seo a leanas: níos lú ná lá amháin, lá amháin go seachtain amháin, seachtain amháin go mí amháin, mí amháin go trí mhí, trí mhí go bliain amháin, níos mó ná bliain amháin, idirbhearta oscailte;

– Tír shainchónaithe contrapháirtithe;

– Glanadh agus imréiteach (e.g., tripháirteach, Contrapháirtí Lárnach, déthaobhach).

Sonraí maidir le hath-úsáid agus athfhiach-urrú comhthaobhachta in airgead tirim:

– An sciar de chomhthaobhacht a fuarthas a ndéantar a ath-úsáid nó a athfhiach-urrú, i gcomparáid leis an uasmhéid atá sonraithe sa réamheolaire nó sa nochtadh d'infheisteoirí;

– Faisnéis maidir le haon srianta ar an gcineál urrús agus tráchtearraí atá faoi réir ath-fhiach-urraithe nó ath-úsáide;

– Torthaí athinfheistíochta comhthaobhachta in airgead tirim don chiste.

Cumhdach comhthaobhachta arna fáil ag an gciste mar chuid d'idirbhearta maoinithe urrús agus struchtúr maoiniúcháin eile

Líon na gcoimeádaithe agus méid na sócmhainní comhthaobhachta atá á chumhdach ag gach ceann acu

Cumhdach comhthaobhachta arna deonú ag an gciste mar chuid d'idirbhearta maoinithe urrús agus struchtúr maoiniúcháin eile

An cion den chomhthaobhacht atá i gcuntais leithscartha nó i gcuntais chomhthiomsaithe, nó in aon chuntais eile.

Sonraí maidir le toradh agus costas gach cineál idirbhirt maoinithe urrús agus gach cineál struchtúir maoiniúcháin eile briste síos idir an ciste, bainisteoir an chiste agus an t-iasachtóir gníomhaire i ndearbhthéarmaí agus mar chéatadán de na torthaí iomlána ón gcineál sin idirbhirt maoinithe urrús agus ón gcineál sin struchtúir maoiniúcháin eile

Cuid B – An fhaisnéis atá le bheith sa réamheolaire i gcás GCUI agus sa nochtadh réamhchonartha d'infheisteoirí i gcás CIManna

– Tuairisc ghinearálta ar na hidirbhearta maoinithe urrús agus na struchtúir maoiniúcháin eile atá in úsáid ag an gciste agus an réasúnaíocht thaobh thiar dá n-úsáid

– Na sonraí foriomlána atá le tuairisciú maidir le gach cineál idirbhirt maoinithe urrús agus gach cineál struchtúir maoiniúchain eile

  - Na cineálacha sócmhainní is féidir a bheith faoina réir
  - An cion is mó de shócmhainní atá faoi bhainistíocht is féidir a bheith faoina réir
  - An cion ionchasach de shócmhainní atá faoi bhainistíocht a bheidh faoi réir gach ceann acu

– Na critéir a úsáideadh chun contrapháirtithe a roghnú (lena n-áirítear stádas dlíthiúil, tír thionscnaimh, íos-rátáil chreidmheasa)

– Comhthaobhacht inghlactha: tuairisc ar chomhthaobhacht inghlactha maidir le cineálacha sócmhainní, eisitheoir, aibíocht, leachtacht chomh maith leis an éagsúlú comhthaobhachta agus beartais chomhghaolmhaireachta,

– Luacháil ar chomhthaobhacht: tuairisc ar an modh a úsáideadh chun an chomhthaobhacht a luacháil agus an réasúnaíocht taobh thiar de, agus ar baineadh úsáid as lamhálacha marcála de réir margaidh agus athrúcháin laethúla.

– Bainistíocht riosca: tuairisc ar na rioscaí a bhaineann le hidirbhearta maoinithe urrús agus le struchtúir maoiniúcháin eile, comh maith leis na rioscaí a bhaineann le bainistíocht chomhthaobhachta, amhail rioscaí oibriúcháin, leachtachta, contrapháirtí, cumhdaigh agus dlíthiúla.

– Sonraíocht maidir leis an gcaoi a ndéantar sócmhainní ar iasacht agus comhthaobhacht arna fáil a chumhdach (caomhnóir ciste)

– Beartas maidir le torthaí ó idirbhearta maoinithe urrús agus ó struchtúir maoiniúcháin eile a roinnt: tuairisc ar chodanna an ioncaim uathu a chuirtear ar ais sa chiste, a thugtar ar ais don bhainisteoir nó a choinníonn tríú páirtithe (e.g. iasachtóir gníomhaire).